

## COMHAONTUITHE IDIRINSTITIÚIDEACHA

### Comhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach

#### maidir le Clár Trédhearcachta a bhunú le haghaidh eagraíochtaí agus daoine féinfhostaithe a ghabhann do dhéanamh agus do chur chun feidhme bheartais an AE<sup>1</sup>

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS AN COIMISIÚN EORPACH (“na páirtithe sa Chomhaontú seo”),

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagal 11(1) agus (2) de, don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 295 de, agus don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (dá ngairtear le chéile “na Conarthaí” ina dhiaidh seo),

Dé bhrí nach n-oibríonn lucht déanta bheartais na hEorpa ar leithligh ón tsochaí shibhialta, ach go gcoimeádann siad agallamh oscailte, trédhearcach agus tráthrialta ar siúl le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta,

De bhrí go ndearna na páirtithe sa Chomhaontú seo athbhreithniú ar an gClár Trédhearcachta (“an clár” anseo feasta) arna bhunú le comhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach an 23 Meitheamh 2011 maidir le clár trédhearcachta a bhunú d’eagraíochtaí agus do dhaoine féinfhostaithe a bhíonn ag gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme bheartas AE IO L 191, 22.7.2011, lch. 29. de bhun mhír 30 den chomhaontú sin,

TAR ÉIS A CHOMHAONTÚ MAR A LEANAS:

### I. PRIONSABAIL AN CHLÁIR

1. Le bunú agus oibriú an chláir, ní dhéanfar difear ná dochar do chuspóirí Pharlaimint na hEorpa mar a chuirtear in iúl ina rún an 8 Bealtaine 2008 maidir le forbairt an chreata le haghaidh gníomhaíochtaí ionadaithe sainleasa (brústocairí) sna hinstiúidí Eorpacha IO C 271 E, 12.11.2009, lch. 48. agus ina cinneadh an 11 Bealtaine 2011 maidir le comhaontú idirinstiúideach a thabhairt i gcríoch idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún maidir le Clár Trédhearcachta comhchoiteann<sup>2</sup>

2. Le hoibriú an chláir, tabharfar urraim do phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, lena n-áirítear prionsabal na comhréireachta agus prionsabal an neamhidirdhealaithe.

3. Le hoibriú an chláir, tabharfar urraim do chearta Fheisirí Pharlaimint na hEorpa a sainordú parlaiminteach a fheidhmiú gan srian.

4. Le hoibriú an chláir, ní chuirfear isteach ar inniúlachtaí ná ar shainchumais na bpáirtithe sa Chomhaontú seo ná ní dhéanfar difear dá gcumhachtaí eagraíochtúla faoi seach.

5. Déanfaidh na páirtithe sa Chomhaontú seo gach dícheall chun déileáil ar an gcaoi chéanna leis na hoibreoírí go léir a ghabhann do ghníomhaíochtaí comhchosúla, agus féachfaidh siad le cothrom na Féinne a thabhairt i dtaca le clárú eagraíochtaí agus daoine féinfhostaithe a ghabhann do cheapadh agus do chur chun feidhme bheartais AE.

<sup>(1)</sup> IO L 191, 22.7.2011, lch. 29.

<sup>(2)</sup> IO C 377 E, 7.12.2012, lch. 176

## II. STRUCHTÚR AN CHLÁIR

6. Is mar a leanas a bheidh struchtúr an chlár:
- (a) forálacha maidir le raon feidhme an chlár, na gníomhaíochtaí a chlúdaítear sa chlár, sainmhínithe, dreasachtaí agus díolúintí;
  - (b) earnálacha le haghaidh clárú (Iarscríbhinn 1);
  - (c) an fhaisnéis a iarrfar ar chláraithe, lena n-áirítear ceanglais maidir le nochtadh airgeadais (Iarscríbhinn 2);
  - (d) cód iompair (Iarscríbhinn 3);
  - (e) sásraí um ghearáin agus um fholáirimh agus bearta a bheidh le cur i bhfeidhm sa chás nach gcomhlíonfar an cód iompair, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir le foláirimh agus maidir le gearáin a imscrúdú agus déileáil le gearáin (Iarscríbhinn 4);
  - (f) treoirlínte cur chun feidhme lena ngabhann faisnéis phraiticiúil i gcomhair clárú.

## III. RAON FEIDHME AN CHLÁIR

### Gníomhaíochtaí atá clúdaithe

7. Seachas na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 10 go mír 12, clúdaíonn raon feidhme an chlár na gníomhaíochtaí go léir a dhéantar agus é mar chuspóir leo tionchar a imirt go díreach nó go hindíreach ar dhéanamh nó ar chur chun feidhme beartais agus ar phróisis chinnteoireachta institiúidí AE, beag beann ar an áit ina dtéitear ina mbun nó ar an gcainéal nó an meán cumarsáide a úsáidtear, mar shampla trí eisfhoinisú, na meáin chumarsáide, conarthaí le hidirghabhálaithe gairmiúla, meithleacha smaointe, ardáin, fóraim, feachtais agus tionscnaimh ón ngnáthphobal.

Chun críocha an chomhaontaithe seo, ciallaíonn "tionchar a imirt go díreach" tionchar a imirt trí bhíthin teagmháil nó cumarsáid dhíreach a bheith ann le hinstiúidí AE nó trí ghníomhaíocht eile a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin agus ciallaíonn "tionchar a imirt go hindíreach" tionchar a imirt trí veicteoirí idirmheánacha amháil na meáin chumarsáide, tuairim an phobail, comhdhálacha nó imeachtaí sóisialta a bhíonn dírithe ar institiúidí AE.

Go háirithe, áirítear ar na gníomhaíochtaí sin:

- teagmháil a dhéanamh leis na Feisirí agus lena gcúntóirí, le hoifigigh agus le daoine eile d'fhoireann institiúidí AE;
- litreacha, ábhar faisnéise, plépháipéir agus páipéir faoi sheasaimh a ullmhú, a scaipeadh agus a tharchur;
- imeachtaí, cruinnithe, gníomhaíochtaí cur chun cinn, comhdhálacha nó gníomhaíochtaí sóisialta a eagrú a mbeidh cuirí ina leith curtha chuig na Feisirí agus a gcúntóirí, chuig oifigigh nó chuig daoine eile d'fhoireann institiúidí AE; agus
- rannchuidithe deonacha agus rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin fhoirmiúla nó in éisteachtaí ar ghníomhartha reachtacha nó ar ghníomhartha dlíthiúla eile AE atá beartaithe, mar aon le comhairliúcháin oscailte eile.

8. Na heagraíochtaí go léir agus daoine aonair féinfhostaithe, beag beann ar a stádas dlíthiúil, atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí arna gclúdach ag an gclár, bídis ar bhonn leanúnach nó á n-ullmhú, táthar ag súil go ndéanfaidh siad iad féin a chlárú.

Aon ghníomhaíocht a chlúdaíonn an clár agus a ndéanann idirghabhálaí a sholáthraíonn comhairle dlí agus comhairle ghairmiúil eile í a fhorbairt faoi chonradh, gabhfaidh incháilitheacht le haghaidh cláraithe léi i gcomhair an idirghabhálaí agus a chliaint ar aon. Dearbhóidh idirghabhálaithe den sórt sin na cliaint go léir faoi chonarthaí den sórt sin chomh maith leis an ioncam in aghaidh an chliaint i gcomhair gníomhaíochtaí ionadaíochta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 ag pointe II.C.2.B. Ní dhéantar leis an gceanglas seo cliaint a dhíolmhú ó chlárú ná ó chostas aon ghníomhaíochtaí arna gcur ar forchonradh d'idirghabhálaí a áireamh ina gcostmheastúcháin féin.

### **Gníomhaíochtaí nach bhfuil clúdaithe**

9. Ní bheidh eagraíocht cáilithe clárú ach amháin má dhéanann sí gníomhaíochtaí, arna gclúdach ag an gclár, a raibh cumarsáid dhíreach nó indíreach le hinstiúidí AE mar thoradh orthu. Féadfar eagraíocht a mheastar a bheith neamhincháilithe a bhaint den chlár.

10 Ní chlúdaítear leis an gclár comhairle dhlíthiúil ná aon chomhairle ghairmiúil eile sa mhéid:

- gurb é atá iontu obair chomhairleach agus teagmhálacha le comhlachtaí poiblí chun eolas níos fearr a thabhairt do chliaint faoina staid dhlíthiúil ghinearálta nó faoina riocht sonrach dlíthiúil, nó chun comhairle a thabhairt dóibh i dtaobh an bhfuil beart sonrach dlíthiúil nó riaracháin iomchuí nó ceadaithe faoin timpeallacht dhlíthiúil agus rialála atá ann cheana;
- gurb é atá iontu comhairle do chliaint chun cabhrú leo a áirithiú go gcomhlíonfaidh a ngníomhaíochtaí an dlí is infheidhme;
- gurb é atá iontu anailísí agus staidéir arna n-ullmhú do chliaint ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon athrú reachtach nó rialála maidir lena staid dhlíthiúil nó lena réimse gníomhaíochta.
- gurb é atá iontu ionadaíocht i gcomhthéacs níos imeachta idir-réitigh nó idirghabhála arb é an aidhm atá leis ná nach dtabharfar díospóid os comhair comhlachta bhreithiúnaigh nó riaracháin; nó
- go mbaineann siad le feidhmiú cheart bunúsach cliaint triail chothrom a bheith aige, lena n-áirítear an ceart cosaint a bheith aige in imeachtaí riaracháin, amháin gníomhaíochtaí a dhéanann dlíodóirí nó aon ghairmithe eile atá páirteach ann.

Má bhíonn cuideachta agus a cuid comhairleoirí páirteach mar pháirtí i gcás dlí nó riaracháin ar leith nó in imeacht dlí nó riaracháin ar leith, ní bhíonn aon ghníomhaíocht a bhaineann go díreach leis an méid sin agus nach bhféachfaidh, ann féin, leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana a athrú clúdaithe ag an gclár. Tá feidhm ag an bhfomhír seo maidir leis na hearnálacha gnó go léir san Aontas Eorpach.

Clúdaíonn an clár na gníomhaíochtaí seo a leanas, áfach, maidir le comhairle dhlíthiúil agus comhairle ghairmiúil eile a sholáthar i gcás ina bhfuil siad ceaptha tionchar a imirt ar instiúidí AE, a gComhaltaí agus a gcúntóirí nó a n-oifigigh nó baill eile dá bhfoireann:

- tacaíocht a sholáthar, trí ionadaíocht nó idirghabháil, nó trí ábhar abhcóideachta, lena n-áirítear argóinteacht agus dréachtú; agus

– comhairle oirbheartaíochta nó straitéiseach a sholáthar, lena n-áirítear saincheistean a ardú a bhfuil a raon feidhme agus uainiú a gcumarsáide ceaptha chun tionchar a imirt ar institiúidí AE, a gComhaltaí agus a gcúntóirí nó ar a n-oifigigh nó ar bhaill eile den fhoireann.

11. Gníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta mar rannpháirtithe san idirphlé sóisialta (ceardchumann, cumainn fostóirí, etc.), ní bheidh siad clúdaithe ag an gclár i gcás ina gcomhlíonfaidh na comhpháirtithe sóisialta sin an ról a shanntar dóibh sna Conarthaí. Tá feidhm ag an mír seo *mutatis mutandis* maidir le haon eintiteas atá ainmnithe go sonrach sna Conarthaí chun ról institiúideach a bheith aige;

12. Ní chlúdaíonn an clár gníomhaíochtaí mar fhreagra ar iarrataí díreacha nó aonair ó institiúidí AE nó ó Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, amhail iarrataí ad hoc nó rialta ar fhaisnéis fhíorasach, ar shonraí nó ar shaineolas.

### Forálacha sonracha

13. Níl feidhm ag an gclár maidir le heaglaisí agus le pobail reiligiúnacha. Mar sin féin, táthar ag súil go gcláróidh na hoifigí ionadaíochta, nó na heintitis dhlíthiúla, na hoifigí agus na líonraí a chruthaítear chun ionadaíocht a dhéanamh ar eaglaisí agus pobail reiligiúnacha ina gcuid déileálacha le hinstitiúidí AE, agus lena gcomhlachais.

14. Níl feidhm ag an gclár maidir le páirtithe polaitiúla. Mar sin féin, táthar ag súil go gcláróidh aon eagraíochtaí a chruthaíonn siad nó a dtugann siad tacaíocht dóibh atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí atá clúdaithe ag an gclár.

15. Níl feidhm ag an gclár maidir le seirbhísí rialtais Ballstát, rialtais tríú tíortha, eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta agus a misin taidhleoireachta.

16. Nílfead ag súil go gcláróidh údaráis phoiblí agus a n-oifigí ionadaíochta, ach is féidir leo clárú más mian leo é sin a dhéanamh. Aon chomhlachas nó líonra a chruthófar chun ionadaíocht a dhéanamh ar réigiúin, táthar ag súil go gcláróidh sé.

17. Na húdaráis phoiblí fhonáisiúnta seachas na cinn dá dtagraítear i mír 16, amhail údaráis áitiúla agus bhordasacha nó cathracha, nó a n-oifigí ionadaíochta, a gcomhlachais nó a líonraí, táthar ag súil go gcláróidh siad.

18. Táthar ag súil go gcláróidh líonraí, ardáin nó cineálacha eile comhghníomhaíochta nach bhfuil aon stádas dlíthiúil ná aon phearsantacht dhlítheanach acu, ach arb é atá iontu de facto ná foinse tionchair eagraithe agus a ghabhann do ghníomhaíochtaí atá clúdaithe ag an gclár. Ainmneoidh comhaltaí de na foirmeacha comhghníomhaíochta sin chun feidhmiú mar a bpearsa teagmhála atá freagracha as idirphlé le "Comhrúnaíocht an Chláir Trédhearcachta" (CRCT).

19. Is iad na gníomhaíochtaí a bheidh le cur i gcuntas chun measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht a chlárú iad siúd atá dírithe (go díreach nó go hindíreach) ar institiúidí uile AE, ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí, agus ar a gComhaltaí agus ar a gcúntóirí, ar a n-oifigigh agus ar dhaoine eile den fhoireann. Ní áirítear ar na gníomhaíochtaí sin gníomhaíochtaí atá dírithe ar na Ballstáit, go háirithe iad sin atá dírithe ar a mbuanionadaíochtaí leis an Aontas Eorpach.

20. Déantar líonraí, cónaidhmeanna, comhlachais nó ardáin Eorpacha a spreagadh le treoirlínte comhchoiteanna, trédhearcacha a ullmhú dá gcomhaltaí, ar treoirlínte iad ina sainiúitear na gníomhaíochtaí atá clúdaithe sa chlár. Táthar ag súil go bpoibleoidh siad na treoirlínte sin.

#### IV. Rialacha is infheidhme maidir le cláraithe

21 Trí chlárú, déanfaidh na heagraíochtaí agus na daone aonair lena mbaineann an méid seo a leanas:

comhaontóidh siad go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraíonn siad lena cur sa chlár sa réimse poiblí;

comhaontóidh siad go ngníomhóidh siad i gcomhréir leis an gcód iompair a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 agus, i gcás inarb ábhartha, go ndéanfaidh siad téacs aon chóid iompair ghairmiúil a bhfuil siad faoi cheangal aige a sholáthar <sup>3</sup>

ráthóidh siad go bhfuil an fhaisnéis go léir a sholáthrófar ceart agus comhaontóidh siad go gcomhoibreoidh siad le hiarrataí riaracháin ar fhaisnéis chomhlántach agus ar nuashonruithe faisnéise;

glacfaidh siad go mbeidh aon fholáireamh nó gearán a bhaineann leo á láimhseáil ar bhonn na rialacha sa chód iompair a leagtar amach in Iarscríbhinn 3;

comhaontóidh siad bheith faoi réir aon fhorálacha a bheidh le cur i bhfeidhm i gcás nach gcomhlíonfar an cód iompair a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 agus a admháil gur féidir na bearta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 4 a chur i bhfeidhm orthu i gcás neamhchomhlíonadh an chóid;

tabharfaidh siad dá n-aire go mbeidh ar na páirtithe sa Chomhaontú seo, arna iarraidh sin orthu agus faoi réir fhorálacha Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).1, comhfhreagras agus doiciméid eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na gláraithe a nochtadh.

#### V. Cur chun feidhme

22. Is iad Ardrúnaithe Parlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras agus as na gnéithe lárnacha oibríochtúla go léir, agus déanfaidh siad, de chomhthoil a chéile, na bearta is gá chun an comhaontú seo a chur chun feidhme.

23. Cé go bhfuil an córas á oibriú go comhpháirteach, leanann na páirtithe sa Chomhaontú seo de bheith saor chun an clár a úsáid go neamhspleách ar mhaithe lena gcríocha saineiúla féin.

24. Chun an córas a chur chun feidhme, coimeádann seirbhísí Parlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh struchtúr oibríochtúil comhpháirteach, atá ainmnithe mar CRCT. Tá CRCT comhdhéanta de ghrúpa oifigeach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach de bhun socrú a dhéanfar idir na seirbhísí inniúla. Feidhmíonn CRCT faoi chomhordú Cinn Aonaid in Ard-Rúnaíocht an Choimisiún Eorpaigh. Áirítear ar chúraimí CRCT treoirlínte cur chun feidhme a sholáthar, laistigh de theorainneacha an chomhaontaithe seo chun go n-éascófaí léirmhíniú comhsheasmhach a bheith á dhéanamh ag na cláraithe ar na rialacha, agus faireachán a bheith á dhéanamh ar cháilíocht agus ar inneachar an chlár. Bainfidh CRCT úsáid as na hacmhainní riaracháin atá ar fáil chun seiceálacha cáilíochta a dhéanamh ar inneachar an chlár, leis an tuiscint, áfach, gurb iad na cláraithe ar deireadh atá freagrach as an bhfaisnéis a sholáthair siad.

---

(<sup>3</sup>) Féadfár an cód iompair gairmiúil lena gceanglaítear cláraí oibleagáidí a fhorchur atá níos déine ná ceanglais an chóid iompair a leagtar amach in Iarscríbhinn 3.

25. Déanfaidh na páirtithe sa Chomhaontú seo an oiliúint iomchuí agus tionscadail chumarsáide inmheánacha a eagrú chun feasacht ar an gclár agus ar an nós imeachta um fholáireamh agus um ghearáin a mhéadú i measc a gComhaltaí agus a bhFeisirí agus i measc daoine dá bhfoireann.

26. Déanfaidh na páirtithe sa Chomhaontú seo beart iomchuí a ghlacadh go seachtrach chun feasacht ar an gclár a mhéadú agus chun úsáid an chláir a chur chun cinn.

27. Déanfar sraith bunstaidrimh, arna thógáil as bunachar sonraí an chláir, a fhoilsiú go tráthrialta ar láithreán gréasáin Chlár Trédhearcacha *Europa* agus beidh rochtain air sin trí inneall cuardaigh a bheidh oiriúnach don úsáideoir. Beidh inneachar poiblí an bhunachair sonraí sin ar fáil i bhformáidí leictreonacha, meaisín-inléite.

28. Déanfaidh Ardrúnaithe Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh faoi seach tuarascáil bhliantúil ar oibriú an chláir a chur faoi bhráid an LeasUachtaráin ábhartha de chuid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid an LeasUachtaráin ábhartha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Soláthrófar sa tuarascáil bhliantúil faisnéis fhíorasach faoin gclár, a inneachar agus ar a fhorbairt, agus foilseofar é gach bliain don bhliain féilire roimhe sin.

## VI. Na bearta is infheidhme do chláráithe comhlíontacha

29. Ní eiseofar pasanna rochtana ar áitribh Pharlaimint na hEorpa ach ar dhaoine aonair a mbeidh ionadaíocht á déanamh acu ar na heagraíochtaí nó a bheidh ag obair do na heagraíochtaí a thagann laistigh de raon feidhme an chláir inar chláraigh na heagraíochtaí nó na daoine aonair sin. Ní hionann clárúchán, áfach, agus teideal a thabhairt go huathoibríoch chun pas rochtana den sórt sin a fháil. Leanfaidh eisiúint agus rialú pasanna, a thugann rochtain fhadtéarmach ar áitribh Pharlaimint na hEorpa, de bheith ina nós imeachta inmheánach de chuid na Parlaiminte faoina freagracht féin.

30. Tabharfaidh na páirtithe sa Chomhaontú seo dreasachtaí, faoi chuimsiú a n-údarás riaracháin, d'fhonn clárú a spreagadh laistigh den chreat a chruthaítear leis an gcomhaontú seo.

Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na dreasachtaí a thabharfaidh Parlaimint na hEorpa do na cláráithe:

- éascú breise rochtana ar a háitribh, ar a Feisirí agus a gcúntóirí, ar a hoifigigh agus ar bhaill eile den fhoireann.
- údarú chun imeachtaí a eagrú nó a chomh-óstáil ar a háitribh;
- tarchur éascaithe faisnéise, lena n-áirítear liostaí seoltaí ar leith;
- cainteoirí a bheidh rannpháirteach in éisteachtaí coistí;
- pátrúnacht ó Pharlaimint na hEorpa.

Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na dreasachtaí a thabharfaidh an Coimisiún Eorpach do na cláráithe:

- bearta maidir le faisnéis a tharchur chuig cláráithe nuair a bheidh comhairliúcháin phoiblí á seoladh;
- bearta maidir le grúpaí saineolaithe agus comhlachtaí comhairleacha eile;
- liostaí seoltaí ar leith;

– pátrúnacht ón gCoimisiún Eorpach.

Déanfaidh na páirtithe sa Chomhaontú seo dreasachtaí sonracha atá ar fáil do na cláraithe a chur in iúl dóibh.

## VII. Bearta i gcás neamhchomhlíonadh an chóid iompair

31. Féadfaidh aon duine foláirimh agus gearáin a thaisceadh, trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach teagmhála, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an chláir, i dtaobh neamhchomhlíonadh féideartha an chóid iompair a leagtar amach in Iarscríbhinn 3. Déileálfar le foláirimh agus le gearáin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn 4.

32. Is uirlis é sásra foláirimh chun na seiceálacha cáilíochta a dhéanann CRCT i gcomhréir le mír 24 a fhorlíonadh. Féadfaidh aon duine foláireamh a thaisceadh i dtaca le botúin fhíorasacha a bhaineann leis an bhfaisnéis a bheidh soláthraithe ag na cláraithe. Féadfar foláirimh a thaisceadh i dtaca le clárúcháin neamh-incháilithe.

33. Féadfaidh aon duine gearán foirmiúil a thaisceadh i gcás amhras a bheith ann, seachas botúin fhíorasacha, an cód iompair a bheith á neamhchomhlíonadh ag cláraí. Déanfar gearáin a fhódú le fírící ábhartha maidir le neamhchomhlíonadh amhrasta an chóid.

Déanfaidh CRCT imscrúdú ar an neamhchomhlíonadh amhrasta agus lánaird á tabhairt ar phrionsabail na comhréireachta agus an dea-riaracháin. Is é a bheidh mar thoradh ar an gcód iompair a bheith á neamhchomhlíonadh d'aon ghnó ag na cláraithe go gcuirfear i bhfeidhm na bearta a leagtar síos in Iarscríbhinn 4.

34. I gcás ina sainaitheoidh CRCT neamh-chomhoibriú, iompar míchuí arís agus arís eile, nó neamhchomhlíonadh tromchúiseach an chóid iompair faoi na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 31 go mír 33, bainfear an cláraí lena mbaineann den chlár ar feadh tréimhse ama bliana nó dhá bhliain agus luafar an beart go poiblí sa chlár, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn 4.

## VIII. Rannpháirtíocht institiúidí agus comhlachtaí eile

35. Iarrtar ar an gComhairle Eorpach agus ar an gComhairle a bheith páirteach sa chlár. Spreagtar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile AE iad féin chun úsáid a bhaint as an gcreat a chruthaítear leis an gcomhaontú seo mar ionstraim thagartha dá n-idirghníomhaíocht féin le heagraíochtaí agus le daoine aonair féinfhostaithe a ghabhann do cheapadh agus do chur chun feidhme bheartais AE.

## IX. Forálacha críochnaitheacha

36. Gabhfaidh an comhaontú seo ionad an chomhaontaithe idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach an 23 Meitheamh 2011, a scoirfidh a éifeachtaí feidhm a bheith acu ar dháta chur i bhfeidhm an chomhaontaithe seo.

37. Beidh an clár faoi réir athbhreithnithe in 2017.

38. Tiocfaidh an comhaontú seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón ....\*<sup>4</sup> IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta: 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe seo.\* nó ón 1 Eanáir 2015, cibé dáta is luaithe.

---

<sup>(4)</sup> IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta: 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe seo.

Déanfaidh eintitis a bheidh cláraithe cheana féin ar dháta chur i bhfeidhm an chomhaontaithe seo, laistigh de thréimhse trí mhí tar éis an dáta sin, a gclárú a leasú chun go gcomhlíonfar na ceanglais nua a bheidh mar thoradh ar an gcomhaontú seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg 16 Aibreán 2014.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

M. SCHULZ

*Thar ceann an Choimisiúin*

*an Leas-Uachtarán*

M. ŠEFČOVIČ